Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin





# SAOTHRAÍOCHT

## Scoil na Startha agus na nDaonnachtaí Plean Straitéiseach

2026-2031






Trinity Long Room Hub

# 1 RÉAMHRÁ

Scoil ildisciplíneach í seo ina gcuireann na comhghleacaithe spéis i stair an duine, más ceangailte sin leis an Stair, an Léann Clasaiceach nó Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta. Táimid ar fad ar aon intinn gur fearr an tuiscint ar an saol inár dtimpeall agus gur fearr a thugtar aghaidh ar dhúshláin ina leith de réir mar is mó atá ar eolas faoi chomhthéacsanna, faoi dhaoine agus faoi thimpeallachtaí éagsúla, san am i láthair agus san am atá le teacht.



Le níos mó ná 80 ball foirne agus 1,200 mac léinn ar fud na gclár fochéime agus iarchéime, féachtar i gcónaí le timpeallacht chomhghleacúil a chothú ina mbraitheann gach duine den phobal scoláirí spreagadh agus cumas cion tairbhe chomh maith agus atá iontu a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí agus leis an saol inár dtimpeall. Tá gné idirnáisiúnta na Scoile ag dul i dtreis, maidir leis na mic léinn agus leis an bhfoireann, leis an obair thaighde agus leis an teagasc, agus le bearta comhpháirtíochta agus comhair. Táthar tugtha do chultúr aire agus measa agus is i gcomhar agus go follasach a dhéantar cinntí.

Is gné lárnach an Scoil de Mhol an tSeomra Fada i gColáiste na Tríonóide, Institiúid Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí na hollscoile, agus oibrítear go dlúth leis an institiúid sin ar iarratais maidir le gnóthaí taighde, seimineáir, tograí mórscála agus caidreamh leis an bpobal. Tagann ocht gcinn de lárionaid taighde faoi scáth na Scoile freisin: Lárionad Taighde Ealaín na hÉireann (TRIARC); Lárionad Taighde Choláiste na Tríonóide maidir le Stair na Meánaoise; an Lárionad Staire sa Nua-aois Luath; Lárionad Daonnachtaí Comhshaoil Choláiste na Tríonóide; Lárionad Nua-stair; Ionad Stair Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide agus Stair Chomhaimseartha na hÉireann; Lárionad Léann na mBan, Inscní agus Gnéasachta; agus Lárionad Léann na Meánmhara agus an Neasoirthir. Tá dlúthcheangal againn freisin le Lárionad an Leabhair i gColáiste na Tríonóide, agus treisítear le hobair an ionaid sin, chomh maith le bheith páirteach in obair Lárionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide. Ós Scoil ildisciplíneach í seo, déantar obair i gcomhar le comhghleacaithe ar fud Scoileanna agus institiúidí eile agus baintear leas as a bheith ag obair le lucht taighde i réimsí eile léinn.

Seastar leis an tsaoirse acadúil, leis an gcruthaitheacht agus le haird ar an eitic i mbun taighde agus le teagasc a chuireann feabhas ar shaol an domhain seo. Ar an gcuma sin, oibríonn ár bpobal scoláirí, mac léinn, foirne riaracháin, foirne acadúla agus céimithe in éineacht ar mhaithe le misean léinn i gcomhar a thabhairt i gcrích.

Táthar tugtha d'oideachas a chur ar fáil atá bunaithe ar shaothar taighde agus dírithe ar an mac léinn ionas gur féidir leis na céimithe teacht i mbarr a réime sna rólanna a bheidh acu san am atá le teacht. Le chéile, is cuid sinn de phobal domhanda scoláireachta agus taighde a scrúdaíonn agus a chuireann leis an tuiscint ar an Stair, ar na Clasaicí agus ar Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta agus ar an tábhacht atá leis na hábhair sin sa saol i gcoitinne.





# 2 FOCAL ÓN gCEANN SCOILE

Tá ríméad orm SAOTHRAÍOCHT: Plean Straitéiseach 2026-2031 Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí a chur i láthair, an aisling atá againn uilig maidir leis an am atá i ndán, arna thabhairt i gcrích le barr feabhais, cruthaitheacht agus dúthracht daingean maidir le caidreamh leis an bpobal. Leagtar amach bealach ardaidhme chun tosaigh in SAOTHRAÍOCHT, dearbhú deimhin go dtuigtear dúinn go mbaineann d'acmhainn le léann na Daonnachtaí athrú a chothú.

An duine, agus na daoine, bun agus barr SAOTHRAÍOCHT. Fiosracht agus fonn foghlama na mac léinn atá de bhonn faoina ndéantar. Cuireann an fhoireann léinn, gairme agus riaracháin saineolas, samhlaíocht agus dúthracht le misean an chomhair. Scaipeann iarscoláirí agus comhpháirtithe an tionchar níos fairsinge ná Coláiste na Tríonóide, ionas go gcothaítear ceangal le bearta eile is féidir a thabhairt i gcrích. Is pobal bríomhar, cuimsitheach sinn le chéile.

Leis an nuálaíocht agus an comhar oibre a neartaítear an Scoil. Cuirtear malairt smaointeoireachta, chomh maith le cruthaitheacht i mbun saothair, chun cinn ar fud na dtrí réimse léinn - an Stair, an Léann Clasaiceach agus Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta - agus trí na ocht gcinn de lárionaid taighde. I rith na gcúig bhliana amach romhainn, treiseofar barr feabhais taighde, cuirfear lánchuimsitheacht agus spreagadh chun cinn i mbun teagaisc agus leathnófar ar an gcomhar le forais chultúir agus le hinstitiúidí cathartha. Bainfear leas stuama as nuálaíocht i gcúrsaí digiteacha agus as cora nua teicneolaíochta, arna chinntiú gur ag cur leis an obair scoláireachta a bhítear agus go bhfeidhmítear de réir mheon agus luachanna na scoile.

Tá na bunphrionsabail - comhghleacaíocht, nuálaíocht, freagracht, rannpháirtíocht, barr feabhais agus uileghabhálacht - ina dtreoir agus ina saintréithe maidir linn féin agus lenár gcuid oibre. Daingnítear an chuspóir faoi AIDHM: an chruthaitheacht agus an fiosrú géarchúiseach a chothú, ceannródaíocht a dhéanamh go hionraic agus a chinntiú go leantar de shaol níos stuama, níos córa agus níos comhcheangailte a chothú le léann na nDaonnachtaí.

An tOllamh Micheál Ó Siochrú, Ceann Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí





# 3 MISEAN, FÍS agus LUACHANNA

## Misean

Is pobal scoláirí sinne a roinneann 'uaillmhian shíoraí gan stad,' Choláiste na Tríonóide maidir le leas an phobail a bhaint amach trínár gcuid teagaisc, trí shaothar taighde agus trí rannpháirtíocht leis an bpobal[1]. Creidimid, a chuimsíonn réimsí léinn na Staire, an Léinn Chlasaicigh agus Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta, sa bharr feabhais oideachais agus taighde, sa smaointeoireacht ghéarchúiseach agus neamhspleách, i gcur chun cinn na saoirse acadúla, agus sa chomhionannas, éagsúlacht, agus cuimsiú.

Cothaítear timpeallacht chomhghleacúil i measc an dream scoláirí seo ina mbraitheann an mac léinn agus an ball foirne go bhfuil meas orthu, cumas iontu agus go bhfuil aird ar an uile dhuine.

Feictear dúinn gurb é ár misean a bheith seasta síoraí i mbun samhlaíochta, i mbun ceisteanna nua a fhiafraí agus a fhiosrú, agus é d'aidhm againn na glúnta atá le teacht a spreagadh.

## FÍS


Scoil ildisciplíneach léinn í seo ina bhfuil an spéis san am atá thart ina cheangal eadrainn ar fad, chomh maith leis an tuiscint ar an am sin agus a thionchar ar ár linn féin agus fís bharr feabhais ina aidhm againn go léir. Meastar gur tábhachtach an nuálaíocht agus rannpháirtíocht phoiblí agus féachtar le feabhas leanúnach a chur ar ár gclú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le feabhas teagaisc agus taighde.

## Luachanna

- Comhghleacaíocht
- Nuálaíocht
- Freagracht
- Rannpháirtíocht
- Barr Feabhais
- Uileghabhálacht

[1] Plean Straitéiseach 2025–2030 https://strategy.tcd.ie/







# 4 AOINÁR SCOIL

Bunaíodh Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí mar scoil ildisciplíneach sa bhliain 2005-06 tráth a raibh athstruchtúrú acadúil á dhéanamh ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tugtar le chéile faoina scáth Roinn na Staire, Roinn na gClasaicí agus Roinn Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta chomh maith le 8 gcinn de lárionaid taighde atá buntábhachtach maidir le saol na Scoile. Creidtear gur den tairbhe é tabhairt faoi chur chuige idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach i ndáil le hoideachas agus taighde sna Daonnachtaí.

Is é an comhar idir an fhoireann riaracháin agus an fhoireann acadúil croílár bheartaíocht na Scoile agus iad ag saothrú in éineacht chun taithí foghlama den chéad scoth a chur ar fáil do na mic léinn fochéime, iarchéime agus seachtracha. Is iad na mic léinn cuisle na Scoile a mbíonn smaointe nua acu agus léargas úr uathu bliain i ndiaidh bliana. Spreagann sin breis cruthaitheachta arís agus arís eile inár gcuid saothair. Baineann cúrsaí fochéime agus iarchéime leis an teagasc a dhéanann an pobal scoláirí seo chomh maith le deiseanna d’fhoghlaimeoirí seachtracha agus d’fhoghlaimeoirí feadh saoil.

Tá dea-cháil go hidirnáisiúnta ar an Scoil ó tráth a bunaithe mar ionad barr feabhais agus bíonn sin le sonrú i bpiarmheasúnú ábhair agus measúnuithe seachtracha eile. Táthar dúthrachtach maidir le cúrsaí cothromais, comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe (CCÉC) agus tá misean, fís agus meon na Scoile ag teacht le Bláthú, Plean Straitéiseach nua Choláiste na Tríonóide, 2025-2030. Is léir an dúthracht ina leith seo ar fud an churaclaim, agus b’ábhar ríméid dúinn gur bronnadh Gradam Cré-Umha Athena Swan orainn i mí Márta 2021 agus gradam athleanúna dá réir sa bhliain 2025.

Tá barr feabhais taighde ar cheann de shaintréithe na Scoile agus tá sé sin le brath ar shaothar arna dhéanamh ag gach duine dár gcomhghleacaithe a chuireann athrú ar an réimse léinn, tréith a théann i gcion freisin ar an teagasc atá bunaithe ar shaothar taighde agus a bhféadann gradaim mhóra náisiúnta agus idirnáisiúnta a theacht dá dtoradh nó foilseacháin tar éis a meas ag an lucht léinn comhchéime agus bearta i gcomhar le forais cultúir agus eagrais sheachtracha. Cuimsíonn ár saothair thaighde deontais Ardleibhéil na Comhairle Eorpach um Thaighde, Buaiteoirí Ardleibhéil Thaighde Éireann, Dámhachtainí Conaire Thaighde Éireann (CTÉ-FEÉ mar a bhíodh) chomh maith le cuir i láthair ag comhdhálacha móra idirnáisiúnta agus monagraif, caibidlí leabhair agus ailt ar ardleibhéal a fhoilsiú.

Tá barr feabhais teagaisc ar cheann eile de na saintréithe bunúsacha. Leantar de bhealaí nua a aimsiú chun scoláireacht de scoth na linne seo a chur ar a súile do na mic léinn. A bhuíochas don phróiseas leanúnach maidir le hathbhreithniú agus leasú curaclaim, mar chuid de Thionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide le gairid agus ar bhealaí eile, cinntítear go bhfuil na cúrsaí in oiriúint do cheisteanna móra na linne ar fud an domhain agus don iléagsúlacht léargais a chuireann go mór le réimsí léinn na Scoile.  Cothaítear, ar an gcaoi sin, smaointeoireacht ghéarchúiseach agus spéis ghníomhach ar fud na réimsí éagsúla.

Tá dhá thogra náisiúnta taighde a thagann faoi scáth na Scoile freisin trína ndéantar nascadh idir na Daonnachtaí agus an teicneolaíocht a dtagann bunathrú dá bharr. Déantar athshamhlú agus athcheapadh le Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, trí leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach, ar Oifig Taifead Poiblí na hÉireann, cartlann thoirtiúil ar tharla í a scrios ag tús Chogadh na gCarad sa bhliain 1922. Déanann an Scoil ceannródaíocht freisin maidir le Tionscadal Choláiste na Tríonóide ar Oidhreacht an Choilíneachais, trína léirítear comhthéacsanna agus stair cheangal dlúth na hollscoile leis an gcoilíneachas in Éirinn agus thar lear ó thráth bunaithe an Choláiste sa bhliain 1592 anall go deireadh an fichiú aois, comhartha eile ar an tábhacht atá lenár gcuid taighde maidir le ré níos cothroime a thabhairt i bhfeidhm san am atá le teacht.



An tOllamh Lorraine Leeson (Leas-Phropast Comhlach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú), An tOllamh Timothy Stott, an tOllamh Christine Morris, agus an Propast, an Dr Linda Doyle, ag bronnadh ghradam Athena Swan.

# 5 BEARTA

## Caibidil 1: Pobal Scoláirí

**1.1. Ceiliúradh a dhéanamh ar bharr feabhais saothair agus ar chion tairbhe ó lá go lá.**
Déanfar ceiliúradh ar shárobair a thugtar i gcrích maidir le teagasc, taighde, seirbhís phoiblí agus comhchaidreamh leis an bpobal le haird ar an gcion tairbhe a dhéanann comhghleacaithe ar fud oiread réimsí éagsúla, maidir le cúrsaí acadúla agus le gnóthaí riaracháin.

**1.2. Feabhas ar ghnáis ionduchtúcháin agus mheantóireachta.**
Ag cur le gnáis atá i bhfeidhm faoi láthair, cuirfear leis na seisiúin treorach ar leibhéal na Scoile do bhaill foirne nua agus do thaighdeoirí iardhochtúireachta. Beidh buneolas faoi chultúr agus faoi chórais mheantóireachta na Scoile ina chuid de na seisiúin sin.

**1.3. Úsáid níos forleithne as an nGaeilge a spreagadh.**
Ag tabhairt aird ar fhiúntas, stádas agus tábhacht na Gaeilge, beifear ag moladh úsáid níos leithne a bhaint as an teanga i gcúrsaí acadúla agus gairmiúla nuair is féidir.

**1.4. Próifíl na mac léinn a éagsúlú.**
Saothrófar ar mhaithe le réimse foghlaimeoirí níos leithne a mhealladh trí chláir mhodúlacha forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt atá solúbtha agus a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí tabhairt faoin oideachas ag céimeanna éagsúla dá saol.









## Caibidil 2: Forás an Phobail – Rochtain, Rannpháirteachas agus Cuimsiú a Leathnú

**2.1. Gnáthrud a dhéanamh de ghnás cuimsithe maidir leis an teagasc agus le taithí an mhic léinn**

Leanfar d'éagsúlacht a chothú sa churaclam, de dhearcadh agus tuairimíocht dhomhanda a chur chun cinn agus dá chinntiú go mbíonn aird ar ghlórtha gan dóthain iomrá, an tráth a mbíonn timpeallacht cuimsitheach foghlama á chruthú againn.

**2.2. Treisiú leis an rannpháirtíocht le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) agus modhanna iontrála neamhthraidisiúnta.**

Leanfar ag obair go dlúth le TAP d'fhonn bonn a chur faoi na mic léinn le linn a gcúrsa léinn agus a chinntiú go mbíonn taithí an mhic léinn ina lón eolais maidir leis an obair a dhéantar.

**2.3. Bearta taca níos fearr a chruthú d'fhoghlaimeoirí feadh saoil.**

Tabharfar deiseanna taca chun cinn, do na foghlaimeoirí feadh saoil, a thagann le cláracha an Choláiste.

**2.4. Cuirfear ar son bhearta taca níos fearr maidir leis na prionsabail seo a chur chun cinn agus bonn treise a chur fúthu.**

Cuirfidh an Scoil, ar leibhéal an Choláiste, ar son thuiscint níos fearr agus ar son bhearta taca níos fearr don mhac léinn atá ina gcall.

# Caibidil 3: Pobal Cothrom agus Éagsúil

### 3.1. An Plean Gníomhaíochta maidir le hAthnuachan Athena Swan a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ina leith.

Tá plean gníomhaíochta sainiúil 5 bhliana ag an Scoil maidir le dul i ngleic le ceisteanna maidir le comhionannas inscne, forbairt ghairmiúil (lena n-áirítear cúnamh taca do bhaill foirne gairmiúla), dul chun cinn sa saol oibre, socruithe solúbtha oibre agus cúnamh taca don mhac léinn, d'fhonn cultúr cuimsitheach a chothú.

### 3.2. Treisiú leis an gcúnamh taca do bhaill foirne gairmiúla.

I bhfianaise na mbacanna faoi láthair maidir le hardú céime agus dul chun cinn, leanfar den stocaireacht ar leibhéal na Dáimhe agus leibhéal an Choláiste maidir le conairí ardú céime a thabhairt ar ais don fhoireann ghairmiúil. Leanfar chomh maith de bhealaí nua a aimsiú chun fónamh ar an mbealach is fearr do na baill foirne gairmiúla ina dtimpeallacht oibre le haird ar an gcion tairbhe a dhéanann siad atá riachtanach maidir le feidhmiú na Scoile.

### 3.3. Earcú de réir straitéise d'fhonn leathnú ar réimsí saineolais léinn.

Féachfar le daoine a earcú i bpríomhréimsí léinn i ngach ceann de na trí dhisciplín – stair Thuaisceart Éireann agus an Mheánoirthir (Stair); Teanga agus cultúr na Gréige (An Léann Clasaiceach), Nua-ealaín na hÉireann (Stair na hEalaíne agus na hAiltireachta) – d'fhonn leathnú lenár gcumas teagaisc agus taighde.

### 3.4. Cuimsitheacht a chur chun cinn maidir le hearcaíocht agus ardú céime.

Leanfar dá chinntiú go mbíonn meon CCÉC na Scoile le sonrú ar gach ceapachán dá ndéantar agus iad ag teacht go hiomlán le coinníollacha na Roinne maidir le próiseas cóir, lena n-áirítear an oiliúint éigeantach ar phainéil cuardaigh agus agallaimh maidir le leatrom ainbhiosach agus gnáis earcaíochta chuimsitheacha.

### 3.5. Barr muiníne a chothú sna próisis maidir le dínit agus meas.

Déanfar poiblíocht ar an tSeirbhís Dínite, Measa & Toilithe agus molfar go tréan oiliúint maidir le ceannaireacht chuimsitheach, cuirfear chun cinn arís cód faoi leith na Scoile féin maidir le cruinnithe agus bearta comhchaidrimh, chomh maith le breis meantóireachta agus comhghleacaíochta a spreagadh.





## Caibidil 4: Teagasc agus Foghlaim ar mhaithe leis an Todhchaí

### 4.1. Leanúint de bhun daingean a chur faoin teagasc bunaithe ar thaighde agus faoin bhfiosrúchán géarchúiseach.

D'fhonn foghlaim ghníomhach agus neamhspleáchas smaointeoireachta a chothú, leanfar dá chinntiú go mbíonn an obair thaighde cheannródaíoch atá ar siúl againn ina dhlúthchuid den teagasc ar gach leibhéal.

### 4.2. Curaclam níos éagsúla.

Ag leanúint ón obair maidir le Tionscadal Oideachais Choláiste na Tríonóide, déanfaidh na disciplíní éagsúla athbhreithniú go leanúnach ar churaclaim fochéime agus iarchéime ar fud na Scoile agus tabharfar deiseanna éagsúlachta chun suntais.

### 4.3. Creat a leagan amach don fhoghlaim feadh saoil agus don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FLG).

Tabharfar chun suntais deiseanna cur leis an rogha sármhaith de chúrsaí seachtracha agus FLG a chuirtear ar fáil faoi láthair (a bhuíochas don obair a dhéanann Riarthóir Tionscnaimh Cúrsaí Seachtracha agus Seimeastair na Scoile) agus fiosrófar an acmhainn roghanna foghlama níos solúbtha a thairiscint.

### 4.4. Scileanna acadúla agus ullmhúchán don ré gairme a threisiú.

I gcomhar le Seirbhís Gairmeacha Choláiste na Tríonóide agus Seirbhísí na Mac Léinn, tabharfar bearta cúnta nua chun cinn do mhic léinn atá ag tosú nó ag críochnú tréimhse staidéir.

### 4.5. Cuirfear cuimsitheacht chun cinn maidir le measúnacht agus aiseolas.

I gcomhar leis an tSeirbhís Míchumais, agus i gcomhairle leis na mic léinn, leanfar den athbhreithniú ar ghnáis mheasúnachta agus de chineálacha níos éagsúla measúnachta a thriail an tráth céanna a gcloítear le caighdeáin acadúla den chineál is airde.

### 4.6. Leanúint de phobal mac léinn taighde na Scoile a chothú agus a neartú.

Leanfar den fhónamh do na mic léinn PhD tríd an athbhreithniú bliantúil agus trí phróiseas na gcoistí tráchtais. Féachfar le spás taighde níos fearr a chur ar fáil dóibh agus cuirfear leis an iarracht iad a nascadh leis an bpobal taighdeoirí. Leanfar de dheiseanna teagaisc agus d'oiliúint sa teagasc a chur ar fáil dóibh ar mhaithe le ré gairme a fhorbairt agus ioncam breise a shaothrú an tráth céanna a gcuidítear leo tús áite a thabhairt dá gcuid taighde féin. Tabharfar faoi chruinniú cistí d'fhonn scoláireachtaí PhD a thairiscint a fhónfaidh don chéad ghlúin eile scoláirí.










## Caibidil 5: Barr Feabhais Taighde agus Dul i bhFeidhm

### 5.1. Tábhacht bhunúsach ár gcuid taighde a chur chun cinn.

Leanúint de thábhacht bhunúsach ár gcuid taighde a chur chun cinn, a chur i láthair agus a léiriú. Oibriú i gcomhar agus i gcomhairle leis an Dámh, le Mol an tSeomra Fada, Coláiste na Tríonóide agus le Comhaontas Daonnachtaí na hÉireann d'fhonn an scéal faoin tairbhe agus an bhuntáiste a ghabhann lenár gcuid taighde a chur i láthair don saol mór.

### 5.2. Sainmhínithe ar thaighde agus ar thionchar an taighde a leathnú.

D'fhonn teacht le clár oibre Choláiste na Tríonóide maidir le dul i bhfeidhm níos mó, cinnteofar tuiscint, aird agus meas ar shainmhíniú níos leithne de shaothar taighde lena n-áirítear cion tairbhe i réimsí acadúla, poiblí, cultúir agus eile. Cuirfear in iúl freisin an tairbhe a dhéantar maidir le pobal níos géarchúisí trí na scileanna inaistrithe a chothaítear i ndaoine agus an dóigh a ndéantar fónamh riachtanach do phobal na tíre agus don domhan mór ar an gcuma sin.

### 5.3. Feachtasaíocht a dhéanamh maidir le breis acmhainní Leabharlainne.

Is í an Leabharlann an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil againn. Le haird ar dheacrachtaí maoinithe faoi láthair, leanfar d'obair na Leabharlainne a chur chun cinn agus beifear ag brú ar mhaithe le breis infheistíochta a thabhairt i gcrích.

### 5.4. Fónamh do bhaill foirne nua agus do thaighdeoirí i dtús a ré gairme le meantóireacht phiarthacaíochta.

Leagfar amach deiseanna foirmeálta do bhaill nua foirne agus do chomhaltaí iardhochtúireachta maidir le meantóireacht ar fud na Scoile, chomh maith leis an bpróiseas foirmeálta promhaidh a ritheann Acmhainní Daonna.

### 5.5. Cur leis an gcúnamh taca inmheánach maidir le hiarratais ar dheontais taighde.

Trí chur lena bhfuil de theist ar an Scoil maidir le cistí seachtracha a ghnóthú, oibreoidh an Scoil le Mol an tSeomra Fhada i gColáiste na Tríonóide agus le hOifig Taighde Choláiste na Tríonóide d'fhonn córais phiarthacaíochta a fhorbairt d'iarratais ar chistí taighde.





An Dr. Peter Crooks, Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, in éineacht leis an bPropast, an Dr. Linda Doyle, agus leis An Taoiseach, Micheál Martin.

## Caibidil 6: Rannpháirtíocht Phoiblí

### 6.1. Seasamh ar son fhiúntas léann na Staire agus na nDaonnachtaí.

Cuirfear i láthair go poiblí an fiúntas atá le léann na nDán agus na nDaonnachtaí go ginearálta, agus le réimsí léinn na Scoile go háirithe, ar leibhéal polasaí agus go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

### 6.2. Tacú le baill foirne comhpháirtíochtaí seachtracha a chothú go hinmharthana.

Tabharfaidh an Scoil treoir maidir le comhpháirtíochtaí nua a chruthú le hiarsmalanna, scoileanna, eagraíochtaí oidhreachta agus leis an tsochaí chathartha.

### 6.3. Ár láithreacht sa réimse digiteach a neartú.

D'fhonn cur leis an taighde agus leis an rannpháirtíocht phoiblí, cuirfear le feiceálacht ár ngníomhaíochtaí poiblí ar an láithreán gréasáin agus ar chainéil na meán sóisialta. Fiosrófar freisin modhanna nua chun aird daoine a tharraingt.

### 6.4. Airgead a thiomsú do phoist nua a chuirfidh le rannpháirtíocht phoiblí.

Tá modhanna éagsúla inar féidir caidreamh a chothú leis an bpobal sa Scoil ildisciplíneach seo agus fiúntas a ndéantar a chur in iúl. Trí oibriú le Forás & Alumni Choláiste na Tríonóide, tiomsófar airgead chun baill foirne nua a fhostú i ngach réimse dár gcuid a chuideoidh lenár gcuspóirí a thabhairt i gcrích.

# Caibidil 7: Inbhuanaitheacht agus Freagracht

### 7.1. Leanúint de théamaí inbhuanaitheachta a leabú i ngach cuid den churaclam

Bíonn modúil ar fáil againn agus bíonn taighde á dhéanamh faoi cheisteanna maidir leis an gcóir shóisialta, acmhainní, gnéithe eitice maidir leis an timpeallacht, athrú aeráide agus an stair, ealaín agus dearadh timpeallachta, cultúr agus dearadh dearcealaíne, an tAntrapaicéineach, athrú smaointeoireachta maidir le caidreamh idir an duine agus ainmhithe, agus caidreamh an duine leis an domhan, cuspóirí agus iompar. Leanfar ag cur leo sin trí ábhar nua a thabhairt chun cinn inár modúil go léir, ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus modhanna eile d'fhonn todhchaí inbhuanaithe atá faoi bhláth a thabhairt i gcrích.

### 7.2. Gnáis oibre agus staidéir inbhuanaithe a chur chun cinn.

Leabófar gnáis oibre inbhuanaithe inár gcuid oibre laethúil. Tabharfar san áireamh leis sin fónamh don rothaíocht agus d'úsáid an chórais iompair phoiblí agus cur in aghaidh úsáid aon uaire as ábhar plaisteach sa Scoil.

### 7.3. Ceiliúradh a dhéanamh ar thionscnaimh inbhuanaitheachta agus eolas ina leith a scaipeadh.


Díreofar aird go mórtasach ar thionscnaimh de chuid na mac léinn, ar ábhar taighde agus ar bhearta eagrúcháin nó ar bhearta rannpháirtíochta leis an bpobal a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta agus le cultúr cúraim a chothú maidir le gnéithe den timpeallacht agus den eitic.

### 7.4. Athshamhlú ar an tuiscint maidir le Daonnachtaí Timpeallachta.

Tá bunriachtanas le léann na nDaonnachtaí ionas gur féidir ceisteanna timpeallachta a phlé. Déanfar athshamhlú ar an tuiscint atá ar Dhaonnachtaí Timpeallachta sa Choláiste agus taobh amuigh den Choláiste agus léireofar an tairbhe bhunriachtanach atá le réimsí léinn na Scoile maidir le creatchórais critice agus anailíse a chur ar fáil atá riachtanach chun géarchéimeanna chónasctha aeráide agus bithéagsúlachta a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu.









An Dr. Ciarán Wallace, Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, in éineacht leis an bPropast, an Dr. Linda Doyle, ag glacadh le Gradam Rannpháirtíochta Pobail Choláiste na Tríonóide (2026).

## Caibidil 8: Nuálaíocht agus Claochlú Digiteach

### 8.1. An eitic agus iniúchadh criticiúil a chothú maidir leis an réimse digiteach.

De réir mar a thagann teicneolaíocht cosúil le IS giniúnach chun cinn, déanfar plé géarchúiseach ar na himpleachtaí a bhaineann léi don taighde, teagasc, agus don tsochaí agus timpeallacht. Oibreofar i gcomhar le Mol an tSeomra Fhada i gColáiste na Tríonóide agus bainfear leas as saineolas na Scoile maidir leis na réimsí éagsúla léinn chun cur leis an díospóireacht faoi cheisteanna eitice ar an réimse digiteach, IS agus údarás údair.

### 8.2. An acmhainn teagaisc agus foghlama sa réimse digiteach a mhéadú.

Trí oibriú i gcomhar le Leabharlann nua Laidlaw, an chéad leabharlann dhigiteach aonair de chuid Choláiste na Tríonóide, spreagfar baill foirne chun uirlisí oiriúnacha digiteacha a chomhcheangal lena gcuid teagaisc.

### 8.3. Taighde agus oiliúint ardleibhéil maidir leis na daonnachtaí digiteacha.

Cuirfidh an Scoil leis an dea-cháil maidir le scoláireacht dhigiteach trí chuidiú le hiarratais nua ar dheontais agus trí dheiseanna a chruthú do mhic léinn fochéime agus iarchéime scileanna teicniúla agus scileanna géarchúise digiteacha a thabhairt chun cinn.

### 8.4. Láithreacht agus infhionntacht dhigiteach na Scoile a fheabhsú.

Cuirfear feabhas ar láithreán gréasáin na Scoile, i gcomhréir le treoirlínte an Choláiste, agus sinn ag féachaint le caidreamh a chothú leis an bpobal agus é a mhéadú. Leanfar de scéalta nuachta agus d'ábhar sainiúil a chur ar fáil ar na meáin shóisialta.

## Focal Scoir

As seo go ceann cúig bhliana, tríd an bPlean Straitéiseach seo a chur i bhfeidhm, beifear ag féachaint le Scoil a neartú ina leanann an léann, an teagasc, an taighde agus an obair i gcomhar de bheith ag bláthú. Oibreoidh Coistí éagsúla na Scoile ar mhaithe leis an bPlean seo a chur i bhfeidhm agus leagfar amach polasaithe sonracha ionas go gcinntítear go gcuirtear bearta i gcrích go hiomlán. Trí cheiliúradh a dhéanamh ar dhea-thorthaí saothair, pobail chuimsitheacha scoláireachta a chothú agus gnáis níos inbhuanaithe agus níos nuálaí a fhorbairt, féachfar lena chinntiú gur chun leasa gach ball dár bpobal scoláirí é a bheith bainteach leis an Scoil agus go gcuidíonn sin linn cion tairbhe dáiríre a dhéanamh ar son na hÉireann agus an domhain mhóir.


Irish Republic
We declare the right of the people of Ireland




9 MARCH 2024
ENCOUNTERS WITH THE MINOAN SNAKE GODDESS






CAD IS ANN

